



Seisiún iomlánach

A9-0190/2022

22.6.2022

TUARASCÁIL

ar an leithcheal trasnach san Aontas Eorpach: staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise (2021/2243(COD))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscene

Rapóirtéir: Alice Kuhnke

CLÁR

Leathanach

| | |
|--|----|
| TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA | 3 |
| LITIR ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS | 23 |
| TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE..... | 26 |
| FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH..... | 35 |
| VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..... | 36 |

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an leithcheal trasnach san Aontas Eorpach: staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise (2021/2243(COD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint d’Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),
- ag féachaint d’Airteagail 8, 153(1) agus 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
- ag féachaint d’Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus, go háirithe, sprioc 5,
- ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú,
- ag féachaint do Choinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú,
- ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,
- ag féachaint do Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising an 15 Meán Fómhair 1995 agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,
- ag féachaint d’Airteagal 26 de Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla 1966 agus d’Airteagal 2 de Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha 1996,
- ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,
- ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal ‘Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP) - Clár oibre uailmhianach do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh 2021-2025’ (JOIN(2020)0017), agus don Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach dar teideal ‘Cuspóirí agus Táscairí chun cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne III (2021-25) a cheapadh’ (SWD(2020)0284),
- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030’ (COM(2021)0101),

- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152),
- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiniúchais 2020-2025’ (COM(2020)0565),
- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach’ (COM(2020)0620),
- ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025’ (COM(2020)0698),
- ag féachaint do Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar bhunús ciníoch nó eitneach¹ (‘an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch’),
- ag féachaint do Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha² (‘an Treoir um Chomhionannas Fostaíochta’),
- ag féachaint d’Fhóram Ghlúin an Chomhionannais arna réachtáil i gCathair Mheicsiceo ón 29 go dtí an 31 Márta 2021 agus i bPáras ón 30 Meitheamh go dtí an 2 Iúil 2021,
- ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le gné na hinscne i ngéarchéim COVID-19 agus sa tréimhse iar-ghéarchéime³,
- ag féachaint do rún uaithi an 24 Meitheamh 2021 ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe in AE, faoi chuimsiú shláinte na mban⁴,
- ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne⁵,
- ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 ar chur chun feidhme na Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtíú na Romach: dearchtaí diúltacha i leith daoine de chúlra Romainis san Eoraip a chomhrac⁶,
- aag féachaint do rún uaithi an 26 Márta 2019 maidir le cearta bunúsacha daoine de bhunadh Afracach san Eoraip⁷,
- ag féachaint don tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar

¹ IO L 180, 19.7.2000, lch. 22.

² IO L 303, 2.12.2000, lch. 16.

³ IO L 456, 10.11.2021, lch. 191.

⁴ IO L 81, 18.2.2022, lch. 43.

⁵ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0073.

⁶ IO L 385, 22.9.2021, lch. 104.

⁷ IO L 108, 26.3.2021, lch. 2.

teideal Intersecting inequalities: Gender Equality Index 2019’ [Neamhionannais thrasnacha: Innéacs Comhionannais Inscne 2019],

- ag féachaint do thuarascáil ó EuroCentralAsian Lesbian* Community (EL*C) an 29 Meitheamh 2021 dar teideal Resistance as a Way of Living: Lesbian lives through the COVID-19 Pandemic’, [Frithbheartaíocht mar shlí mhaireachtála: Saol na Leispiach trí Phaindeim COVID-19],
- ag féachaint do thuarascáil EL*C an 1 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘Lesbophobia: an intersectional form of violence’, [Leispiáfóibe: cineál trasnach foréigin],
- ag féachaint do thuarascáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) an 14 Bealtaine 2020 dar teideal A long way to go for LGBTI equality [Achar fada le dul le haghaidh chomhionannas LGBTI] (Suirbhé II LGBTI FRA),
- ag féachaint do thuarascáil EL*C an 7 Feabhra 2022 dar teideal ‘A bitter pill to swallow: gaps and discriminations in access to healthcare for lesbians’, [Deoch shearbh le hól: bearnaí agus leithcheal sa rochtain ar chúram sláinte do leispiacha],
- ag féachaint do thuarascáil ón Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais (ENAR) an 14 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘Intersectional discrimination in Europe: , relevance, challenges and ways forward’ [Leithcheal trasnach san Eoraip: ábharthacht, dúshláin agus bealaí chun cinn],
- ag féachaint don ‘Guidance note on the collection and use of equality data based on racial or ethnic origin’ [Nóta Treorach maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach] ón gCoimisiún⁸,
- ag féachaint do thuarascáil Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais dar teideal ‘Collection and Use of Complaints Data by Equality Bodies’ [Bailiú agus Úsáid Sonraí Gearán ag Comhlachtaí Comhionannais]⁹,
- ag féachaint don European Handbook on Equality Data [Lámhleabhar na hEorpa ar shonraí comhionannais]¹⁰,
- ag féachaint do threoirphrionsabail choiteanna an Choimisiúin maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch ó mhí an Mhárta 2022,
- ag féachaint do thuarascáil chomhthreomhar ENAR dar teideal ‘Racism & Discrimination in Employment in Europe 2013-2017’ [Ciníochas agus Idirdealú san

8

https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/guidance_note_on_the_collection_and_use_of_equality_data_based_on_racial_or_ethnic_origin_final.pdf

⁹ <https://equineteurope.org/wp-content/uploads/2021/07/Collection-and-use-of-complaints-data.pdf>

¹⁰ https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/combating-discrimination/equality-data-collection_en#equality-data

Fhostaíocht san Eoraip 2013-2017]¹¹,

- ag féachaint do Dheacáid Idirnáisiúnta na NA um Dhaoine de bhunús na hAfraice 2015-2024,
 - ag féachaint do thuarascáil FRA an 4 Aibreán 2019 dar teideal ‘Second European Union Minorities and Discrimination Survey – Roma women in nine EU Member States’ [Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú – Mná Romacha i naoi mBallstát AE]¹²,
 - ag féachaint do thuarascáil FRA an 15 Samhain 2019 dar teideal dar teideal ‘Second European Union Minorities and Discrimination Survey – Being Black in the EU’ [Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú – Saol an Duine Dhuibh san Aontas Eorpach]¹³,
 - ag féachaint do bhileog eolais an Center for Intersectional Justice [Lárionad um Cheartas Trasnach] ó Aibreán 2020 dar teideal ‘Intersectionality at a Glance in Europe’ [Sracfhéachaint ar an Trasnachas san Eoraip]¹⁴,
 - ag féachaint don phacáiste acmhainní arna fhoilsiú in 2021 ó Mhná na Náisiún Aontaithe agus ó Chomhpháirtíocht na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas dar teideal ‘Intersectionality Resources and Toolkit , An Intersectional Approach to Leave No One Behind’ [Acmhainní agus Uirlisí don Trasnachas: Cur Chuige Trasnach gan aon Duine a Fhágáil ar Lár]¹⁵,
 - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don litir ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0190/2022),
- A. de bhrí go mbíonn ar go leor ban aghaidh a thabhairt ar neamhionannais thrasnacha agus ar idirdhealú in AE; de bhrí go dtagraíonn leithcheal trasnach do staid ina mbíonn roinnt forais idirdhealaithe ag oibriú agus ag idirghníomhú le chéile sa chaoi go bhfuil siad doscartha ó chéile agus ar bhealach ina dtáirgtear cineálacha sonracha idirdhealaithe, mar shampla inscne le forais eile idirdhealaithe, amhail, i measc nithe eile, cine, dath, stádas eitneach nó socheacnamaíoch, aois, treoshuíomh gnéasach, féiniúlacht agus léiriú inscne, saintréithe gnéis, airíonna géiniteacha, reiligiún nó creideamh, náisiúntacht, stádas cónaithe nó míchumas;

¹¹ https://ec.europa.eu/migrant-integration/sites/default/files/2018-07/ENAR_Shadowreport_2013_2017.pdf

¹² https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2019-eu-minorities-survey-roma-women_en.pdf

¹³ <https://fra.europa.eu/en/publication/2018/being-black-eu>

¹⁴ https://www.intersectionaljustice.org/img/2020.4.14_cij-factsheet-intersectionality-at-a-glance-in-europe_du2r4w.pdf

¹⁵ <https://www.unwomen.org/sites/default/files/2022-01/Intersectionality-resource-guide-and-toolkit-en.pdf>

- B. de bhrí go bhfuil idirdhealú trasnach éagsúil le hidirdhealú iomadúil, a tharlaíonn nuair is féidir gach cineál idirdhealaithe a chruthú agus a láimhseáil go neamhspleách; de bhrí, i gcás idirdhealú trasnach, go bhfuil na forais idirdhealaithe fite fuaite le chéile, rud a chruthaíonn cineál uathúil idirdhealaithe; de bhrí go gceadaítear dearcadh leis an trasnachas lena dtugtar forais thrasnacha san áireamh gan tosaíocht a thabhairt do cheann amháin thar an gceann eile; de bhrí go bhfreastalaíonn cur chuige trasnach ar iltoiseacht eispéiris agus fhéiniúlachtaí daoine agus go ngabhann cur chuige ó bhun aníos leis; de bhrí gur gá smaoinemh ar bhealach difriúil faoi mhíchothromaíochtaí céannachta, comhionannais agus cumhachta agus úsáid á baint as cur chuige trasnachais san anailís agus i mbeartais;
- C. de bhrí, trí anailís thrasnach a chur i bhfeidhm, gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shóisialta, eisiámh agus idirdhealú ó dhearcadh cuimsitheach, sistéamach agus struchtúrach agus iad a thuiscint, agus cur chuige aon aise i leith an idirdhealaithe a shárú ag an am céanna; de bhrí nach bhfuil cur chuige trasnach i mbeartais AE go dtí seo; de bhrí nár dhírigh siad ach ar ghnéithe aonair an idirdhealaithe, lena ndéantar beag is fíú dá ghnéithe institiúideacha, struchtúracha agus stairiúla;
- D. de bhrí gur minic a dhéantar dearmad ar thionchar an chiníochais agus an phróisis ciníochaithe mar fheiniméan tábhachtach lena gcuirtear cosc ar chomhionannas san Eoraip; de bhrí nach féidir beartais thrasnacha a chur chun feidhme gan daoine ciníocha a lárnú ag crosbhealaí an idirdhealaithe;
- E. de bhrí nach féidir comhionannas inscne a bhaint amach mura ndíothaítear gach cineál iolrach idirdhealaithe, d'aon ghnó agus go neamhbheartaithe, ina bhfoirmeacha aonair, struchtúracha, institiúideacha agus stairiúla; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm scrúdú a dhéanamh ar na crosbhealaí idir ciníochas/coilíneachas, neamhionannas eacnamaíoch agus patrarcacht; de bhrí go dteipeann ar dhlíthe traidisiúnta frith-idirdhealaithe gach cineál idirdhealaithe agus a n-éifeachtaí diúltacha níos measa ar na mná lena mbaineann a chomhrac agus nach ndéanann gach Ballstát il-idirdhealú agus leithcheal trasnach a chumhdach go sainráite ina reachtaíocht náisiúnta¹⁶;
- F. de bhrí nach catagóir aonchineálach iad mná agus go bhfuil sé ríthábhachtach a n-éagsúlacht a thuiscint chun a áirithiú nach leanfaidh ceapadh beartas de idirdhealú díreach nó indíreach a dhéanamh agus/nó grúpaí áirithe ban a dhéanamh dofheicthe, mar shampla mná de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh, Romacha agus na hÁise atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch; de bhrí gur minice a bhíonn mná, go háirithe mná faoi mhíchumas, mná imirceacha agus mná mionlaigh eitnigh, mná Dubha, mná de chine daite, mná Romacha, mná scothaosta, mná a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle acu, mná a bhfuil fadhbanna sláinte acu, agus mná LGBTI+ faoi réir cineálacha iomadúla agus thrasnacha idirdhealaithe;
- G. de bhrí go bhfuil easpa sonraí comhionannais trasnaigh ina bpríomhdhúshlán maidir le trasnachas a chur i ngníomh agus maidir le haghaidh a thabhairt ar chineálacha thrasnacha idirdhealaithe; de bhrí go mbíonn easnaimh thromchúiseacha ann mar

¹⁶ 'A comparative analysis of gender equality law in Europe 2020' [Anailís chomparáideach ar an dlí um chomhionannas inscne san Eoraip 2020].

thoradh ar ghanntanas sonraí ábhartha agus go gcuireann sé sin cosc ar AE agus ar na Ballstáit faireachán gníomhach a dhéanamh ar staid an neamhionannais agus aghaidh a thabhairt agus anailís a dhéanamh ar mhéid an leithcheala thrasnaigh san Eoraip, lena n-áirítear staid grúpaí mionlaigh agus grúpaí imeallaithe; de bhrí nach mbailíonn roinnt Ballstát sonraí den sórt sin faoi láthair, rud a fhágann grúpaí daoine dofheicthe i gceapadh beartas; de bhrí gur cheart bailiú sonraí den sórt sin, go háirithe maidir le cine, eitneacht agus míchumas, a sholáthar go deonach agus go hanaithnid i gcomhréir le caighdeáin cosanta sonraí agus i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl;

- H. de bhrí go gciallaíonn cur chun feidhme beartais thrasnaigh tabhairt faoi mheasúnuithe tionchair críochnúla ar bheartais agus ar reachtaíocht, deireadh a chur le bearta atá díobhálach do ghrúpaí imeallaithe ag crosbhealaí an idirdhealaithe agus rannpháirtíocht fhóinteach na ndaoine a ndéanann neamhionannais ina n-éagsúlacht uile difear dóibh a áirithiú agus beartais agus bearta á gceapadh, á nglacadh agus á gcur chun feidhme;
- I. de bhrí go mbíonn ar mhná atá faoi réir cineálacha forluiteacha leithcheala dul i ngleic le bacainní iomadúla maidir le rochtain a fháil ar an margadh saothair foirmiúil, rud a fhágann go bhfuil siad i mbaol idirdhealaithe, bochtaineachta, dúshaothraithe eacnamaíoch, eisiaimh shóisialta agus foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh agus drochíde; de bhrí go bhfuil 91 % de mhná Dubha rócháilithe ina bpoist ar fud AE, i gcomparáid le 48 % de mhná bána, agus go ndéileálann siad go comhsheasmhach le hidirdhealú agus micrea-ionsaithe, rud a fhágann go bhfuil rátaí tnáite níos airde ann; de bhrí gur dúshlán suntasach fós é aitheantas a thabhairt do dhioplómaí a fuarthas thar lear;
- J. de bhrí gur mná agus cailíní iad beagnach trí cheathrú (72 %) d'íospartaigh uile na gáinneála in AE agus 92 % de na híospartaigh a ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh teacht i dtír gnéasach; de bhrí go bhfuil mná i staideanna forbhásacha a bhfuil drochdhálaí tithíochta, eisiaimh sóisialta agus idirdhealú os a gcomhair níos leochailí fós;
- K. de bhrí, i réimse na fostaíochta, go bhfuil ró-ionadaíocht fós ag mná in earnálacha forbhásacha agus ar phá íseal, rud a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hidirdhealú, gnéaschiapadh agus drochíde; de bhrí gur minic a mhéadaítear bacainní ar dhul isteach sa mhargadh saothair agus fanacht ann trí inscne a thrasnú le tosca breise, mar shampla bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh, agus go bhfuil iarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha agus sóisialta suntasacha acu do na Ballstáit; de bhrí, mar thoradh ar na bacainní sin, gur gnách go mbíonn mná ciníochaithe ag gabháil den chuid is mó do ghairmeacha a bhfuil baol níos airde ann go bhforbróidh siad galair cheirde;
- L. de bhrí gur íospartaigh chiníochais agus seineafóibe iad mná imirceacha ar fud AE; de bhrí go rannchuidíonn sé sin leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh sóisialta agus, dá bhrí sin, go bhfágann sé go bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar acmhainní agus ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha, amhail cúram sláinte, tithíocht, slándáil shóisialta, agus rochtain ar an margadh fostaíochta, oideachas, oiliúint agus cur chun cinn na hoibre; de bhrí go bhfuil beagnach duine as gach triúr ban a rugadh in AE ag obair i bpoist fhorbhásacha in AE agus go bhfuil 18 % de mhná imirceacha i mbaol bochtaineachta;

- M. de bhrí gurb ionann mná ó na grúpaí is imeallaithe agus formhór na bpost ar phá is ísle i seirbhísí cúraim, a dhéanann an obair chúraim indíreach is troime nó obair tí agus gur minic a bhíonn orthu dul i ngleic le leithscaradh inscne, ciníochas, drochdhálaí oibre agus pá agus foréigean agus ciapadh ag an obair¹⁷; de bhrí gur sampla é an staid fhorbhásach atá os comhair oibríthe imirceacha tí, ar mná ciníocha iad den chuid is mó, agus go háirithe oibríthe óga, ina bhfuil trasnachas an chine, na hinscne, an stádaí shocheacnamaíoch agus na náisiúntachta infheicthe; de bhrí, i bhformhór thíortha AE, gur minic nach mbíonn ceadanna oibre cónaithe fadtéarmacha ar fáil ach amháin do phoist ardoilte agus ardíochta, lena ndéantar oibríthe meánoilte agus oibríthe ar bheagán oiliúna a dhúshaothrú agus a chur ar chonarthaí forbhásacha in earnálacha tearcluacha;
- N. de bhrí nach bhfuil ach 20 % de mhná faoi mhíchumas i bhfostaíocht lánaimseartha in AE agus go bhfuil ioncaim i bhfad níos ísle acu¹⁸; de bhrí go léiríonn meastacháin go bhfuil 22 % i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta; de bhrí go bhfuil bacainní suntasacha ar an oideachas roimh mhná faoi mhíchumas, agus céim ollscoile ag 13 % de mhná faoi mhíchumas in AE i gcomparáid le 29 % de mhná nach bhfuil faoi mhíchumas;
- O. de bhrí, ar roinnt ócáidí, gur thug freagróirí Shuirbhé II LADTI FRA chun suntais forais bhreise le haghaidh idirdhealaithe, le 40 % a d'fhulaing idirdhealú breise mar gheall gur ball de mhionlach eitneach iad nó mar gheall ar chúlra inimirceach, 15 % mar gheall ar dhath a gcaicinn, 36 % mar gheall ar mhíchumas agus 28 % mar gheall ar reiligiún; de bhrí gur cineálacha forleathana ciníochais in AE iad an afroíbe, ioslámáfóibe, an frithghiofógachas agus frithsheimíteachas agus gur minic a chothaítear iad trí dhioscúrsaí pobalacha agus na heite deise;
- P. de bhrí nach mór lespiafóibe a thuiscint mar fhoréigean ag crosbhealach na homafóibe agus an fhuatha ban, ar cineál foréigin é lena fhréamhacha, lena phatrúin, lena mhodhanna agus lena iarmhairtí féin mar thoradh ar an taithí trasnach sin; de bhrí gur thuairiscigh bean amháin as gach seisear ban lespiach nó déghnéasach (16 %) eachtraí idirdhealaithe agus rochtain á fáil acu ar chúram sláinte nó ar sheirbhísí sóisialta;
- Q. de bhrí nach féidir an ráta ard dífhostaíochta i measc na mban Romach a mhíniú le haon toisc amháin, amhail idirdhealú ar bhonn eitneachta, inscne nó cúlra socheacnamaíoch, toisc go dtreisiúnn na forais sin a chéile; de bhrí nach bhfuil ach 16 % de mhná Romacha fostaithe i gcomparáid le 34 % d'fhir Romacha; de bhrí nach bhfuil rochtain leormhaith acu ar oideachas agus go bhfuil níos mó ná ceathrú (28 %) de mhná Romacha, i gcomparáid le 6 % d'fhir Romacha, i mbun obair tí gan phá, lena n-áirítear cúram leanaí agus gaolta, rud a threisiúnn an deacracht a bhaineann le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh;
- R. de bhrí go bhfuil leitheadúlacht an idirdhealaithe ar bhonn tionscnaimh chiníoch nó eitnigh fós ard i gcónaí, le himeacht ama agus thar ghrúpaí éagsúla daonra i mBallstáit éagsúla; de bhrí go léiríonn sonraí suirbhé FRA go mbíonn ardleibhéil idirdhealaithe bunaithe ar a mbunús eitneach nó ciníoch go rialta ar dhaoine de bhunadh ciníoch, eitneach nó imirceach (lena n-áirítear Romaigh, Moslamaigh, Giúdaigh agus daoine de bhunadh Afracach) mar aon lena reiligiún nó lena greideamh i réimsí éagsúla den saol;

¹⁷ [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/662491/IPOL_STU\(2020\)662491_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/662491/IPOL_STU(2020)662491_EN.pdf)

¹⁸ <https://www150.statcan.gc.ca/n1/pub/89-503-x/2015001/article/14695-eng.htm>

de bhrí gur cineálacha leanúnacha fuatha agus idirdhealaithe iad ioslámafóibe agus frithsheimíteachas; de bhrí go seachnaíonn 71 % de na daoine Giúdacha, ó am go chéile ar a laghad, earraí a iompar nó a thaispeáint a thugann le fios gur Giúdaigh iad; dde bhrí gur fhulaing níos mó ná aon trian (39 %) de na mná Moslamacha uile a chaitheann éadaí reiligiúnacha go poiblí, stánadh mí-oiriúnach nó comharthaí gháirsiúla;

- S. de bhrí go spreagann ardhéimeanna dochair agus na beartais ina dhiaidh sin a bhaineann le siombailí reiligiúnacha agus éadaí a thaispeáint, cóireáil neamhchothrom agus go n-iolraíonn siad na bacainní gaolmhara, a bhfuil tionchar diúltach ar leith acu ar mhná Moslamacha, agus rochtain á fáil ar mhargadh an tsaothair agus ar thithíocht, lena n-eisiatar iad ón spás poiblí agus aon chineál rannpháirtíochta fóna i bpróisis agus i gcinntí sochaíocha, agus ar an gcaoi sin iad a choinneáil i staid shocheacnamaíoch fhorbhásach;
- T. de bhrí gur ghéaraigh paindéim COVID-19 na neamhionannais inscne struchtúracha atá ann cheana, go háirithe do chailíní agus do mhná ó ghrúpaí imeallaithe, agus de bhrí go bhfuil méadú tapa tagtha ar thuairiscí ar fhoréigean inscnebhunaithe mar gheall ar bhearta dianghlasála; de bhrí go raibh tionchar díréireach ag an bpaindéim ar chobhsaíocht fostaíochta na mban uile, ach go háirithe mná Dubha, mná de chine daite agus mná ó mhionlaigh eitneacha, agus de bhrí go bhfuil an téarnamh eacnamaíoch agus poist ag titim ar chúl go sonrach do mhná Dubha i gcomparáid le mná Bána;
- U. de bhrí go mbíonn bacainní breise agus foréigean breise roimh mhná ciníochaithe, mná ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, mná faoi mhíchumas, mná imirceacha agus daoine LGBTIQ+ maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte agus ar fhaisnéis sláinte, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, mar thoradh ar dhlíthe agus beartais idirdhealaitheacha, stiogma agus steiréitíopaí; de bhrí gur mó an seans go mbeadh ar na mná sin dul i ngleic le foréigean gínéiceolaíoch agus cnáimhseach le linn toirchis agus breithe, agus de bhrí go ndéanann easpa oideachais chuimsithigh agus neamh-infhaighteacht modhanna frithghiniúna difear dóibh ar bhealach díréireach; de bhrí gur féidir le hoiliúint gairmithe cúraim sláinte a bheith tairbhiúil i ndáil leis sin, lena n-áiríthítear an ceart bunúsach rochtana ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áiríthítear an ceart rochtana ar shaoráidí meabhairshláinte ar ardchaighdeán agus spriocdhírithithe a áireamh freisin;
- V. de bhrí gur dóichí go ndéanfaidh soláthraithe leighis siomptóim ag mná ciníochaithe a dhiúltú mar nach dtugann oideachas leighis i roinnt mhaith Ballstát aghaidh ar ghalair agus siomptóim a mbíonn tionchar acu ar mhná de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise; de bhrí, i roinnt tíortha san Eoraip, go bhfuil ceithre oiread seans ann go bhfaighidh mná dubha bás agus dhá oiread seans ann go bhfaighidh mná na hÁise bás agus iad ag breith clainne i gcomparáid le mná Bána, agus go bhfuil baol níos airde ag mná de bhunadh Afracach go bhfaighidh siad bás ó ghalair atá bagrach don bheatha cé nach bhfuil siad chomh forleathan céanna ina measc; de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, chomh maith le gach cineál idirdhealaithe a chuireann teorainn le rochtain ar chúram sláinte do gach bean a chosc, a dhíothú agus pionós a ghearradh ina leith, chun cumas na mban a gcearta bunúsacha a fheidhmiú a threisiú;
- W. de bhrí go mbíonn ar mhná Romacha dul i ngleic go fóill le ciníochas agus le

hidirdhealú maidir le rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí tacaíochta i gcás foréigin; de bhrí, i roinnt Ballstát, go mbíonn deighilt eitneach fós ag mná Romacha i suíomhanna cúraim sláinte atáirgthe, agus iad ag tabhairt aghaidh ar chineálacha méadaithe foréigin agus ciaptha ó bhéal, fisiceach agus síceolaíoch, lena n-áirítear le linn breith clainne, agus gur minic gur íospartaigh gáinneála agus/nó dúshaothraithe ghnéasaigh iad; de bhrí gur fhulaing mná Romacha agus mná faoi mhíchumas cleachtais chórasacha steiriliú éigeantais agus comhéigheacha san AE le linn a staire agus gur diúltaíodh leigheasanna éifeachtacha do go leor díobh;

- X. de bhrí go bhfuil idirdhealú fós le sarú ag daoine LGBTQI ar fud na hEorpa agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí cúraim sláinte, agus dar le 16 % de fhreagróirí an tsuirbhé gur mhothaigh siad go ndearna foireann cúraim sláinte nó baill foirne seirbhísí sóisialta idirdhealú orthu mar gheall ar a gcéannacht, agus de bhrí go dtuairiscíonn daoine trasinscneacha leibhéil arda iompair thrasfóbach agus dímheasúil go háirithe ina leith ag pearsanra cúraim sláinte; de bhrí go bhfuil daoine trasinscneacha i roinnt Ballstát faoi réir an chleachtais maidir le steiriliú éigeantais nó leigheasú, agus go sáraíonn an dá cheann díobh sin caighdeáin chearta an duine;
- Y. de bhrí go bhfuil athruithe sóisialta agus dlíthiúla, chomh maith le taighde sa réimse leighis agus bitheolaíoch, tar éis aitheantas a thabhairt don éagsúlacht sa sainmhíniú ar ‘gnéas’ chomh maith le mná agus fir; de bhrí go ndearnadh idirdhealú ar bhonn gnéis a léirmhíniú ar bhonn níos leithne i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun daoine trasinscneacha a théann faoi aistriú leighis a chur san áireamh;
- Z. de bhrí gur féidir le cineálacha trasnacha idirdhealaithe tionchar tromchúiseach a bheith acu ar shaol íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe amhail ciorrú ball giniúna ban nó idirghnéasach, mar shampla trí theorainn nó trí bhac a chur ar an rochtain atá acu ar na seirbhísí coisctheacha, tacaíochta agus cosanta a theastaíonn uathu mar thoradh ar mheascán de chineálacha idirdhealaithe agus de bhacainní cultúrtha agus teanga, as a n-eascraíonn baol méadaithe deacrachtaí nó tionchar diúltach ar a meabhairshláinte; de bhrí gur minic nach mbíonn oiliúint ar ghairmithe a théann i dteagmháil le híospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear oiliúint maidir le trasnachas; de bhrí go bhfuil an foréigean inscnebhunaithe mar thoradh ar neamhionannais inscne leanúnacha agus go bhfuil sé ar cheann de na cúiseanna leis sin;
- AA. de bhrí go bhfulaingtíonn duine trasinscneach as gach triúr idirdhealú nuair atá siad ag cuardach fostaíochta agus go méadaíonn an líon sin go duine transinscneach amháin as gach beirt nuair is mná trasinscneacha atá i gceist; de bhrí go bhfuil taithí ag 26 % de mhná trasinscneacha in AE easpa dídine a fhulaingt tráth éigin ina saol agus go ndeir 25 % díobh nach bhfuil siad in ann cuid a chur le costas ach amháin le deacracht nó le deacracht mhór; de bhrí go bhfulaingtíonn mná trasinscneacha ciníochaithe in AE idirdhealú struchtúrach agus institiúideach uathúil agus urghnách a imríonn tionchar ar a rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht, ar chúram sláinte agus ar thithíocht agus ar a gcumas fanacht as an mbochtaineacht nó as an eisiámh sóisialta;
- AB. de bhrí gur minic a bhíonn cáilíocht na tithíochta níos boichte do ghrúpaí imeallaithe, rud a fhágann go mbíonn neamhchosaint níos airde acu do thionchair dhíobhálacha chomhshaoil as a dtagann galair dóibh féin agus dá leanaí; de bhrí go mbeidh tionchar níos láidre ag an ardú reatha ar phraghsanna fuinnimh ar mhná ó chúlraí

socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste;

- AC. de bhrí go bhfuil 10 n-uaire níos mó seans ann go bhfulaingeoidh mná atá faoi mhíchumas ionsaí fisiciúil nó ionsaí gnéasach ná mná nach bhfuil faoi mhíchumas; de bhrí go bhfulaingíonn mná trasinscneacha agus daoine idirghnéasacha níos mó foréigin fhisiciúil agus ionsaithe gnéis ná mar a tharlaíonn i gcatagóirí eile LGBTQ+; de bhrí gur thuairiscigh 27 % de na mná Moslamacha de bhunadh Afracach, a thug le fios go gcaitheann siad éadaí reiligiúnach lasmuigh den teach, go raibh taithí acu ar stánadh mí-oiriúnach nó comharthaí gháirsiúla, gur fhulaing 15 % maslaí ó bhéal nó ráitis maslacha agus go ndearnadh ionsaí fisiciúil ar 2 % díobh;
- AD. e bhrí go bhfuil an iomarca ban, agus go háirithe imirceach ban agus mná ó mhionlaigh eitneacha, mná Dubha, mná de chine daite agus mná LGBTIQ+, fós faoi réir gnéaschiaptha i spásanna poiblí agus san ionad oibre mar gheall ar steiréitíopaí leanúnacha agus gur mó an baol go ndéanfar teacht i dtír eacnamaíoch agus gnéasach orthu;
- AE. de bhrí gur tháinig méadú ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht i gcoinne daoine de bhunadh na hÁise, go háirithe baill de phobail na Síne, nó iad siúd a mheastar gur de bhunadh na hÁise iad, le linn phaindeim COVID-19, lena n-áirítear ionsaithe ciníocha agus bualadh, bulaíocht fhoréigineach, bagairtí, mí-úsáid chiníoch agus cibearfhoréigean;
- AF. de bhrí gur cheart do chórais cheartais choiriúil agus d'fhorfheidhmiú an dlí cur chuige trasnach a chur san áireamh mar choincheap dlíthiúil ina gcleachtais agus ina gcinntí chun nach ndéanfaí idirdhealú, bochtaineacht agus eisiamh a dhéanamh níos measa, rud a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige, go háirithe ar mhná, ó ghrúpaí leochaileacha ina n-éagsúlacht ar fad;
- AG. de bhrí gur dúshlán fós é an tearcthuairisciú agus a laghad taifeadadh a dhéantar ar choireanna fuathspreagtha, ar fhoréigean agus ar drochíde ó bhéal mar gheall ar easpa muiníne in údarais phoiblí agus ar bhacainní struchtúracha; de bhrí go bhfuil an baol i gceist leis sin nach bhfeiceann rialtais an leitheadúlacht, dá bhrí sin, nach bhfeiceann siad an fhadhb struchtúrach agus, dá bhrí sin, go dteipeann orthu gníomhú; de bhrí nach dtuairiscítear 88 % de na hionsaithe fisiciúla fuathspreagtha i gcoinne na Romach, in éineacht le 79 % de na teagmhais ciaptha fhrithsheimíteacha is tromchúisí, agus 80 % de chásanna d'fhoréigean fisiciúil nó gnéasach i gcoinne daoine LGBTIQ+; de bhrí nach ionann an tsaoirse ó phionós sin agus an baol go ndéanfaí foréigean a athdhéanamh agus a ghéarú, ach go bhfuil baol ann freisin go mbraithfidh íospartaigh go dtabharfadh an tsochaí neamhaird orthu agus go ndéanfaidh siad dearmad orthu;
- AH. de bhrí go ndírítear an idirdhealú ar leanaí LGBTIQ+ agus iad siúd a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, rud a chuireann bac orthu rochtain a fháil ar príomhsheirbhísí amhail an t-oideachas; de bhrí, ar fud Bhallstáit uile AE, gur fhulaing 80 % de dhaoine ó phobal LGBTIQ+ bulaíocht ar scoil mar gheall ar a bhfíorchlaonadh nó a gclaonadh gnéasach inbhraite agus de bhrí gur minic a eisiatar leanaí Romacha agus leanaí faoi mhíchumas ón oideachas cuimsitheach príomhshrutha; de bhrí gur minic a dhéantar stiogmatú ar leanaí de theaghlaigh bogha ceatha, rud a fhágann go bhfuil siad á n-ionsaí ag idirdhealú agus bulaíocht a mbíonn tionchar acu ar

a bhfeidhmíocht oideachais agus ar a n-ionchais fostaíochta, ar a saol laethúil agus ar a leas pearsanta agus teaghlaigh;

- AI. de bhrí gurb é oideachas ardcháilíochta, cuimsitheach, uileghabhálach agus iomchuí maidir le comhionannas, meas agus caoinfhulaingt ag céim an-luath, an uirlis is fearr chun dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an idirdhealú ar an iliomad foras agus chun sochaithe cuimsitheacha a fhorbairt¹⁹;
- AJ. de bhrí go bhfuil baol níos airde ann do mhná a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar leithcheal trasnach go dtógfáir a gcuid leanaí faoi choimeád stáit agus go ndiúltofar tacaíocht airgeadais leordhóthanach dóibh chun a gcuid leanaí a thógáil;
- AK. de bhrí gur féidir claontáí sóisialta agus neamhionannais struchtúracha a chomhtháthú i dteicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga, agus gur ábhar inní é sin;
- AL. de bhrí, cé go meastar gur tosaíocht é deireadh a chur le pósadh leanaí i bPlean Gníomhaíochta 2015-2019 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne do 2016-2020 agus i Rannpháirtíocht Straitéiseach AE maidir le comhionannas inscne 2016-2019, go dtarlaíonn sé fós i roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil an tsaincheist sin go forleathan i bpobail imeallaithe, a ndéanann leibhéil ísle oideachais agus rátaí arda bochtaineachta difear dóibh; de bhrí, cé go n-iarrtar le Coinbhinsiún Iostanbúl go ndéanfaí coir as an ngníomh lena gcuirtear iallach ar leanbh dul isteach i bpósadh, go ndiúltoíonn roinnt Ballstát fós é a dhaingniú agus go gceadaíonn siad pósadh leanaí ina reachtaíocht;
- AM. de bhrí go rannchuidíonn ENRanna na mban agus a líonraí go suntasach le cearta na mban a chaomhnú agus le hidirdhealú in aghaidh na mban a chomhrac;

Ceapadh beartas maidir le leithcheal trasnach

1. á chur i bhfáth go bhfuil gá aghaidh a thabhairt ar chineálacha trasnacha idirdhealaithe agus deireadh a chur leo le ceapadh beartais AE, lena n-áirítear trí reachtaíocht agus beartais AE maidir le frith-idirdhealú agus comhionannas inscne; á iarraidh go ndéanfaí na beartais agus na gníomhaíochtaí faoi Aontas an Chomhionannais a neartú, a fheabhsú agus a oiriúnú más gá agus go ndéanfaí creat AE maidir le leithcheal trasnach chur chun cinn, le cuspóirí agus bearta trasearnálacha; ag aithint gur gá an comhionannas agus an comhionannas inscne a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus réitigh chuimsitheacha a chruthú lena gcosnófar na daoine is imeallaithe agus iad siúd atá ag dul i ngleic le leithcheal trasnach inár bpobail;
2. á iarraidh go gcruthófaí sásra príomhshruthaithe um chomhar agus um chomhordú le haghaidh beartais chomhionannais ar leibhéal AE agus go náisiúnta, lena n-áirítear go gcuirfí gach cineál idirdhealaithe, go háirithe na cineálacha a mbíonn forluí eatarthu, san áireamh san athbhreithniú ar bheartais agus ina nglacadh, lena n-áirítear trí mheasúnuithe córasacha tionchair ar inscne agus ar chomhionannas; ag spreagadh na mBallstát chun an dlí coiriúil agus sibhialta a ghlacadh nó a neartú lena dtoirmiscear leithcheal trasnach agus il-idirdhealú araon agus á iarraidh go ndéanfaí treoirlínte AE a fhorbairt, lena n-áirítear dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chuige trasnach a

¹⁹ <https://rm.coe.int/ecri-general-policy-recommendation-no-10-key-topics-combating-racism-a/16808b75f7>

ghlacadh i gceapadh beartas;

3. ag iarraidh ar uachtaránachtaí nuacheaptha AE agus ar na Ballstáit, atá ag blocáil faoi láthair, cóir chomhionann agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe de gach cineál a bheith ina príomhthosaíocht chun an dúsháinn a bhriseadh agus an Treoir maidir le Frith-Idirdhealú a ghlacadh gan mhoill chun cosaint chomhchuibhithe a bhaint amach do gach duine laistigh de AE i réimsí na cosanta sóisialta, lena n-áirítear slándáil shóisialta agus cúram sláinte, buntáistí sóisialta, oideachas agus rochtain ar earraí agus seirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht; á iarraidh go ndéanfaí bearta chun a áirithiú go mbeidh an treoir seo in ann aghaidh a thabhairt ar leithcheal trasnach, atá in easnamh ón gcreat reachtach atá ann faoi láthair, agus cuimsiú agus cosaint a áirithiú do gach bean chiníochaithe;
4. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go bhforfheidhmeofar reachtaíocht AE atá ann cheana maidir le frith-idirdhealú agus comhionannas inscne, agus imeachtaí um shárú a thionscnamh mura ndéanfaidh na Ballstáit an reachtaíocht sin a thrasú nó a chur chun feidhme ina hiomláine;
5. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach, rúndacht, anaithnideacht, féinaithint agus toiliú feasach, bearta a dhéanamh i dtreo sonraí comhionannais iontaofa agus inchomparáide a bhailiú, lena n-áirítear sonraí atá dí-chomhiomlánaithe de réir inscne, tionscnamh ciníoch agus eitneach (mar a shainmhínítear i dTreoir AE maidir le Comhionannas Ciníoch), treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht, agus príomhphrionsabail agus príomhchaighdeáin chosaint sonraí agus chearta bunúsacha AE á n-urramú, chun bunchúiseanna a shainaithint, méid an chiníochais agus an idirdhealaithe a thomhas agus a chomhrac i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla náisiúnta ábhartha agus oibriú i dtreo sonraí den sórt sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoina cheapadh beartas; á thabhairt dá haire gur príomhuirlis iad sonraí comhionannais chun gach cineál agus gach gné den idirdhealú a thuiscint, a nochtadh agus a chomhrac, go háirithe na cinn thrasnacha, struchtúracha agus institiúideacha; ag iarraidh ar AE bailiú sonraí den sórt sin a spreagadh agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil chun treoirlínte reatha an Choimisiúin maidir leis an ábhar a chur chun feidhme agus chun rannpháirtíocht na bpobal lena mbaineann sa phróiseas a chur chun cinn;
6. ag tabhairt dá haire an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar an staidreamh Eorpach maidir leis an daonra; ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuimseoidh an t-athbhreithniú sin an oiread foras sainráite idirdhealaithe agus is féidir, chun a áirithiú go mbaileofar sonraí comhionannais iontaofa;
7. á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh Coimisinéir um Chomhionannas agus comhordaitheoirí AE chun ciníochas a chomhrac, agus chun an frith-Sheimíteachas a chomhrac freisin agus saol na nGiúdach a chothú agus comhordaitheoir a chruthú maidir leis an bhfuath frith-Mhoslamach a chomhrac; á iarraidh go gceapfaí an comhordaitheoir láithreach maidir leis an bhfuath frith-Mhuslamach, a bhfuil a phost folamh ar feadh bliana; á chur i bhfáth, chun cur chuige lena gcuirtear trasnachas san áireamh a institiúidiú, gur cheart don Choimisiún comhordaitheoirí a cheapadh atá ailínithe le gach ceann de na straitéisí comhionannais aonair agus cur chuige príomhshruthaithe inscne a chur chun feidhme i gcónaí lena gcruthaítear beartais do

mhná ina n-éagsúlacht ar fad; á chreidiúint go gcuideoidh obair chomhchoiteann na gcomhordaitheoirí sin leis an trasnachas a institiúidiú, go rannchuideoidh sí le hobair thábhachtach an Choimisinéara um Chomhionannas agus go neartófar cur chun feidhme gach straitéise;

8. á iarraidh go n-atreiseofaí ról agus comhar Thascfhórsa an Choimisiúin um Chomhionannas agus go gcuirfí dlús lena chomhar le comhlachtaí eile chun a áirithiú go n-áireofar gné thrasnach atá bunaithe ar mheasúnuithe tionchair ar bheartais agus ar reachtaíocht sna bearta beartais uile; ag tabhairt dá haire nach mór sainordú an Tascfhórsa sin a bheith institiúidithe, níos trédhearcaí agus oibriú i ndlúthchomhar le grúpaí lena mbaineann leithcheal trasnach; ag iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun leas a bhaint as acmhainneacht straitéiseach an tionscnaimh seo; á thabhairt dá haire gur gá ról an Choimisinéara um Chomhionannas a neartú chun príomhshruthú inscne agus comhionannais a mbeidh tionchar mór acu a dhéanamh agus a mhaoirsiú;
9. á mheas gur tionscnamh suaitheanta é Ardán an Choimisiúin do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil acmhainneacht straitéiseach aige; ag iarraidh ar an gCoimisiún struchtúir chomhchosúla a bhunú chun cur chun feidhme iomlán na straitéisí uile faoi chreat Aontais an Chomhionannais a áirithiú;
10. á chur in iúl gur geal léi na straitéisí ábhartha éagsúla ón gCoimisiún le déanaí, go háirithe Straitéis AE maidir le Comhionannas LGBTIQ+ 2020-2025²⁰ agus Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025²¹, lena n-áirítear cur chuige trasnach araon; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit peirspictíocht trasnachais a phríomhshruthú agus a áirithiú nach mbeidh aon éifeachtaí díobhálacha indíreacha ná neamhbheartaithe ag na beartais ná ag an reachtaíocht atá ann cheana, amhail athimeallú grúpaí áirithe, go háirithe mná ciníochaithe; á chur in iúl gur oth léi go mór, i ndáil leis an méid sin, nach bhfuil gné thrasnach i gComhaontú Nua AE maidir le hImirce agus Tearmann²²;
11. á chur in iúl gur geal léi an tagairt mhéadaitheach don trasnachas i ndoiciméid AE, lena n-áirítear sa togra le haghaidh treoir maidir le trédhearcacht pá ach á chur in iúl gur oth léi an easpa spriocanna, táscairí agus gníomhaíochtaí atá sainithe go soiléir chun í a chur chun feidhme;
12. á chur i bhfios, le blianta beaga anuas, gur léirigh cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cur chuige trasnach go pointe áirithe, bunaithe ar léirmhíniú fairsing ar roinnt de na forais atá ann cheana faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe AE, ag tarraingt ar shamhail an Choinbhinsiúin maidir le hIdirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus an Choinbhinsiúin um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), ina meastar go n-áirítear crosbhealaí míbhuntáiste ar mhná agus ar dhaoine faoi mhíchumas faoi seach; ag tacú go hiomlán le cur chuige den sórt sin a fhorbairt agus a éascú

²⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025’ (COM(2020)0698).

²¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152).

²² Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le Comhaontú Nua i ndáil le hImirce agus Tearmann (COM(2020)0609).

tuilleadh i gcás inar féidir, i bhfianaise na solúbthachtaí faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin;

13. á mheabhrú nach féidir prionsabal na córa combhionainne d'fhir agus do mhná a theorannú don toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar ghnéas ar leith duine, agus go bhfuil feidhm aige freisin maidir le hidirdhealú a eascraíonn as féiniúlacht inscne duine; á mheabhrú go bhfuil léirmhíniú déanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar idirdhealú inscne laistigh de phrionsabal na córa combhionainne mar dhaoine trasinscneacha atá faoi aistriú leighis a chuimsiú, ach ag tabhairt dá haire nár eisíodh aon bhreithiúnais den sórt sin maidir le daoine neamhdhénártha nó idirghnéasacha, ag ceistiú fhóntas agus acmhainneacht reachtaíocht neamh-idirdhealaithe AE don phobal trasinscneach mór san Eoraip nach féidir nó nach mbeidh rochtain acu ar chúram sláinte um dhearbhu inscne nó do dhaoine idirghnéasacha; á mheabhrú go mbeidh daoine aonair den sórt sin gan leigheas má fhulaingíonn siad idirdhealú i gcomparáid leo siúd a d'athraigh a gcorp go fisiciúil; á mheabhrú gur gá go rachadh frith-idirdhealú AE níos faide ná an dénártha inscne agus go n-aithneofaí idirdhealú ar bhonn gnéis; ag iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a chur i dtoll a chéile lena seachnófar aon riosca éiginnteachta dlíthiúla maidir leis an ábhar sin;
14. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le treoir chuimsitheach maidir le foréigean inscnebhunaithe lena ngabhann cur chuige trasnach, lena gcumhdaítear na mná agus na cailíní uile ina n-éagsúlacht uile agus daoine LGBTIQ+ ar fhorais na féiniúlachta inscne, an léirithe inscne nó saintréithe gnéis; á chur i bhfáth go luaitear an cur chuige trasnach sa togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac ach á chur in iúl gur oth léi nach ndearnadh é a phríomhshruthú go leordhóthanach;
15. á chur i bhfios go láidir gur gá a aithint conas atá mná ciníochaithe i mbaol méadaithe foréigin agus go gcuireann cineálacha trasnacha idirdhealaithe le hiarmhairtí an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear mar gheall ar chlaontachtaí agus steiréitíopaí leanúnacha atá i réim i mbeartais agus i gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí agus i ngeall ar athíospairt daoine imeallaithe; ag iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cásanna foréigin inscnebhunaithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus smachtbhannaí a fhorchur go hionchuí agus go mbeidh seirbhísí tacaíochta íospartach cuimsitheach go leor chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál foréigin le cur chuige íospartach-lárnach, go háirithe an cur chuige a eascraíonn as leithcheal trasnach;
16. ag iarraidh ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena bhfreagairt ar fheiniméan chiaptha na mban; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur i gcoinne an chiaptha ar líne, lena ndírítear go díreireach ar chailíní agus ar mhná, go háirithe iad siúd sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil;
17. ag iarraidh ar an gCoimisiún trasnachas sa treoir atá ar na bacáin a oibríochtú chun ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí combhionannais a neartú agus chun peirspictíocht an trasnachais a chur san áireamh i gcritéir mheastóireachta agus chur chun feidhme na Treorach maidir le Cearta Íospartach agus na Treorach maidir le Frithgháinneáil trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar ar na grúpaí is imeallaithe, go háirithe ar mhná ciníochaithe, trí chomhairliúchán le héagsúlacht geallsealbhóirí a áirithiú agus trí bhailiú

sonraí combhionannais dhíchomhiomlánaithe a iarraidh; á chur i bhfáth gur céimeanna tábhachtacha iad sin i dtreo cosaintí dlíthiúla láidre agus éifeachtacha ar leibhéal an Aontais a dhearadh agus a neartú i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar fud an Aontais;

18. á chur i bhfáth, ní hamháin go bhfuil feidhm ag an mana Eorpach ‘Aontaithe san Éagsúlacht’ maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit, ach freisin maidir leis an éagsúlacht a aimsítear i ngach ceann de dhaonraí na mBallstát agus gur cheart é a chur chun cinn go comhpháirteach mar neart agus mar shócmhainn;
19. á iarraidh go mbeadh foirmíocht thiomnaithe de chuid na Comhairle ann maidir le combhionannas agus combhionannas inscne;
20. á mheabhrú gur féidir le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga, na neamhionannais agus an t-idirdhealú atá ann cheana a ghéarú agus a mhéadú; ag meabhrú freisin na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis na teicneolaíochtaí sin do mhná ina n-éagsúlacht ar fad a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar leithcheal trasnach, go háirithe mná ciníochaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh córais intleachta saorga á dtreorú ag prionsabail na trédhearcachta, na hinmhínitheachta, na cothroime agus na cuntasachta agus go gcuirfear bearta, lena n-áirítear iniúchtaí, i bhfeidhm chun cosc a chur ar na córais sin an t-idirdhealú, an ciníochas, an t-eisiamh agus an bhochtaineacht a ghéarú;
21. á chur i bhfíos go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartais ann atá íogair ó thaobh míchumais de agus a bhfuil cur chuige trasnach ag baint leo;

Cumhacht agus ionadaíocht

22. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin paireacht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal ach á chur in iúl gur oth léi an easpa spriocanna éagsúlachta agus an easpa éagsúlachta foriomláine in institiúidí AE; á thabhairt chun suntais i ndáil leis sin feidhm thábhachtach eiseamláireach na seirbhísí poiblí agus na n-institiúidí poiblí;
23. á iarraidh go méadófar láithreach na mban ina n-éagsúlacht ar fad i bpoist ardleibhéil agus chinnteoireachta agus go mbeidh bearta gníomhaíochta dearfacha ann, amhail cuótaí sealadacha, sásraí dreasachta agus meantóireachta, do mhná a bhfuil leithcheal trasnach rompu chun poist a bhaint amach in institiúidí poiblí, lena n-áirítear in institiúidí AE, chun ionadaíocht chothrom ar éagsúlacht na sochaí sa chinnteoireacht a áirithiú; ag tabhairt dá haire nach leor cuótaí amháin chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach ar bhealach iomlánaíoch;
24. ag iarraidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch, in aghaidh idirdhealú na Romach a fhorbairt agus a ghlacadh agus combhionannas LGBTIQ+ a chothú i gcomhréir leis na creataí straitéiseacha; ag tabhairt dá haire gur cheart é sin a dhéanamh i ndlúthchomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear mná ciníochaithe agus daoine neamhdhénártha; ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an measúnú cuimsitheach ar an gcreat dlíthiúil mar a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta frithchiníochais a chur chun feidhme le cur chuige trasnach agus go ndéanfar tionchar na mban atá faoi réir cineálacha trasnacha idirdhealaithe, amhail mná ciníochaithe, a mheas go sainráite;

25. ar na Ballstáit agus ar AE cúrsaí oiliúna agus feachtais maidir le
claontuairim neamh-chomhfhiosach agus múscailt feasachta a chur ar fáil laistigh dá n-institiúidí, lena n-áirítear in institiúidí breithiúnacha, ionaid phróiseála tearmainn agus iontógála, oideachas, agus do na póilíní, do ghairmithe cúraim sláinte agus do státseirbhísigh eile, agus aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na gclaontuairimí neamh-chomhfhiosacha ar chinntí, ar ghníomhaíochtaí agus ar idirghníomhaíochtaí a thagann as steiréitíopaí leanúnacha, agus tearcionadaíocht grúpaí áirithe sna hearnálacha sin agus á thabhairt chun suntais go leagtar síos leis na claontachtaí sin an bealach le haghaidh idirdhealaithe agus eisiaimh;
26. ag iarraidh ar an gCoimisiún cistiú a chur i leataobh faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna le haghaidh eagraíochtaí pobail de chuid na sochaí sibhialta, arna dtreorú ag mná agus arb ann dóibh do mhná, a bhfuil leithcheal trasnach rompu agus deontais a dhearadh go sainráite do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an leithcheal trasnach a chomhrac in AE;
27. ag iarraidh ar na Ballstáit beartais spriocdhírithé a cheapadh agus an leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú AE ón gcreat airgeadais ilbhliantúil agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le mná a ndéanann leithcheal trasnach difear dóibh;
28. ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtacóidh buiséad AE a leithdháiltear ar athchóiriú i réimsí na tithíochta agus an fhuinnimh go sonrach le teaghlaigh ar ioncam íseal, ar teaghlaigh iad go minic de chuid mná de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise;
29. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé teagmháil a dhéanamh le mná óga ó dhiaspóraí agus ó ghrúpaí imeallaithe, a bhfuil go leor acu ag obair i seirbhísí cúraim agus a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt go minic ar idirdhealú ar mhargadh an tsaothair agus a bhíonn rócháilithe agus tearcfhostaithe go minic ina bpoist;
30. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le máithreacha aonair de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise chun a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a áirithiú;
31. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá éagsúlacht peirspictíochtaí sna meáin agus i dtionscail chlosamhairc agus a ról mar dhaoine a bhfuil tuairimí acu; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta uile is gá a achtú chun infheictheacht rannchuidithe na mban ó dhiaspóraí a chur chun cinn, a láithreach ar gach leibhéal, go háirithe i róil chinnteoireachta agus chun idirdhealú agus ciapadh a chomhrac; ag áitiú an luach a bhaineann leis an bhfeasacht a ardú trí bhealaí éagsúla lena n-áirítear oiliúint a chur ar irisoirí agus ar ghairmithe eile sna meáin in aghaidh an idirdhealaithe agus na claontuairime neamhchomhfhiosáí;
32. ag tabhairt chun suntais ról spóirt an phobail i gcuimsiú sóisialta agus i stíleanna maireachtála sláintiúla agus, dá bhrí sin, an tionchar diúltach atá ag rátaí rannpháirtíochta níos ísle i measc cailíní agus mná ó dhiaspóraí; ag tathant, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar chomhlachtaí rialaithe spóirt agus ar gheallsealbhóirí idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta bearta a chur chun feidhme chun cur i gcoinne cultúir eagraíochtúla a chuireann bac ar mhná ó dhiaspóraí dul isteach i

gclubanna agus páirt a ghlacadh i spórt an phobail agus i spórt gairmiúil agus poist cheannaireachta a bhaint amach sa spórt amhail infheictheacht íseal i gclúdach na meán, agus éagothromaíochtaí i bpá, pá préimhe agus dámhachtainí; á áitiú go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le gach cineál foréigin, ciaptha agus steiréitíopaí;

Rochtain chomhionann agus cearta comhionanna a áirithiú

33. ag iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an Cinneadh Réime ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus an tseineafóibe¹³, an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch, an Treoir maidir le Cearta Íospartach agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta a chur chun feidhme go comhsheasmhach; ag iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar réadú na córa comhionainne agus tuairimí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne á gcur san áireamh agus gníomhaíocht ábhartha a dhéanamh, lena n-áirítear imeachtaí um shárú a thionscnamh i gcoinne na mBallstát sin nach gcuireann deireadh le cleachtais leithscartha;
34. á iarraidh go n-ardófaí feasacht trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear feachtais spriocdhírthe agus oiliúint chun idirdhealú, claontuairim neamh-chomhfhiosach, agus leithscaradh inscne agus éagsúlachta mhargadh an tsaothair a chomhrac, agus é mar aidhm leo cur i gcoinne réamhchlaontaí forleathana, mar a léirítear sna bacainní struchtúracha atá roimh mhná Romacha agus Moslamacha, imircigh trasinscneacha agus iarrthóirí tearmainn, agus mná faoi mhíchumas, i measc daoine eile;
35. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé steiréitíopaí agus idirdhealú a chomhrac ag aois an-óg agus, dá bhrí sin, á iarraidh go ndéanfaí anailís ar chlaontacht, ar uirill steiréiticipiciúla agus ar uirill atá ar iarraidh in ábhair teagaise, ar an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu agus ar an oideachas neamh-idirdhealaitheach; ag iarraidh ar na Ballstáit agus ag moladh dóibh oideachas maidir le cearta an duine a áirithiú, feachtais ardaithe feasachta a fhorbairt a bheidh dírithe ar dhaoine óga d'fhonn leithcheal trasnach a chomhrac, ciníochas a chomhrac agus comhionannas agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn san oideachas ar gach leibhéal scolaíochta ag tosú ag aois óg; ag aithint ról na scoileanna agus na múinteoirí maidir le comhionannas, comhionannas inscne, meas, ardú feasachta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn agus an tábhacht a bhaineann le hígogaireacht idirchultúrtha níos fearr i measc phearsanra na scoile agus córais oideachais níos cuimsithí sna Ballstáit;
36. á iarraidh go n-áiritheofaí rochtain ar oideachas, oiliúint, forbairt scileanna agus fostaíocht chuibhiúil atá cuimsitheach agus ar ardcháilíocht do chailíní agus do mhná óga imeallaithe ina n-éagsúlacht ar fad, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit le tionscadail spriocdhírthe Erasmus+, lena n-áirítear ábhair STEAM agus trí infheictheacht chothrom a thabhairt dóibh i dtéacsleabhair agus in ábhair theagascacha eile, a d'fhéadfadh a bheith ina n-uirlis chun na cailíní agus na mná sin a chumhachtú agus a n-aistriú chuig margadh an tsaothair a éascú; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar casta ag oideachas leanaí ar iarrachtaí gairmiúla agus pearsanta na mban agus á mheabhrú gur gá do gach leanbh rochtain éifeachtach a fháil ar oideachas saor in aisce mar a fhoráiltear le dlí AE; ag iarraidh ar na Ballstáit cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm, lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha leanaí i ngrúpaí imeallaithe, agus an moladh maidir le Ráthaíocht Eorpach do Leanaí á chur chun feidhme acu;

37. ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cláir oideachais níos cuimsithí a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas, chun dul i ngleic leis an mbearna oideachais agus fostaíochta ina dhiaidh sin, ós rud é go bhféadfadh an ráta ard leanúnach de dhaoine óga faoi mhíchumas a fhágann an scoil go luath deacrachtaí a léiriú maidir le rochtain a fháil ar chláir oideachais oiriúnacha;
38. á thabhairt chun suntais go bhfuil ardacmhainneacht agus tábhacht ag baint leis an ilteangachas dár sochaithe, agus á chur i bhfios go láidir gur gá luach a chur ar gach teanga ar an mbealach céanna agus go bhfuil ordlathas teoriciúil teangacha bunaithe ar chlaontacht agus steiréitíopaí;
39. á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith, go háirithe in earnáil an chúraim, lena bhféadfaí dúshaothrú saothair, foréigean inscnebhunaithe agus cineálacha eile drochíde a chosc go héifeachtach, agus lena n-éascófaí feidhmiú ceart saothair agus cearta íospartach féideartha an dúshaothraithe, ar mná iad a bhformhór, lena n-áirítear i measc na ngrúpaí is imeallaithe agus iad siúd a bhaineann le sliocht éagsúil, a bhfuil ionadaíocht dhíríreach ard acu in earnáil an chúraim;
40. ag iarraidh ar na Ballstáit tacú le bearta nua a chruthú, lena n-áirítear conairí dlíthiúla ar fud na n-earnálacha, de réir an chomhthéacs náisiúnta, agus freisin d'oibrithe meánoilte agus ísealoilte, lena gcuirtear neamhspleáchas, obair chuibhiúil, cearta bunúsacha oibrithe agus cuimsiú sóisialta chun cinn i measc na mban, lena n-áirítear mná de chuid na ngrúpaí is imeallaithe nó mná ó dhiaspóraí; á iarraidh go ndéanfar measúnú trasnach laistigh den athbhreithniú reatha ar bheartais tearmainn agus imirce AE agus go mbeidh beartais ann lena dtabharfar stádas imirce do dhaoine aonair chun stádas neamhspleách ar chéile, ar pháirtí nó ar fhostóir a chur san áireamh d'fhonn deireadh a chur le naisc lena gcuirtear srian le roghanna agus lena gcuirtear teorainn le deiseanna agus sábháilteacht;
41. á thabhairt chun suntais gur minic gur íospartaigh gáinneála agus cineálacha eile foréigin iad mná imirceacha amhail foréigean inscnebhunaithe, pósadh éigeantais agus ciorrú ball giniúna, nach n-aithnítear go minic i nósanna imeachta tearmainn; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé taithí shonrach atá ag íospartaigh is mná ar leithcheal trasnach a chur san áireamh i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht na mbeartas tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta;
42. á thabhairt dá haire go ndéantar coiriúlú díréireach ar mhná mar gheall ar a staid nó a stádas agus go gcuirtear cosc orthu rochtain chomhionann ar cheartas a bheith acu mar thoradh ar steiréitíopáil inscne, dlíthe idirdhealaitheacha, leithcheal trasnach nó níos measa, agus ceanglais agus cleachtais nós imeachta agus fianaiseacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstát a áirithiú go gcuirfear rochtain ar cheartas ar fáil go fisiciúil, go heacnamaíoch, go sóisialta agus go cultúrtha do mhná uile;
43. ag iarraidh ar na Ballstáit cur chuige cuimsitheach trasnach a chur i bhfeidhm maidir le gach céim den chóras ceartais choiriúil agus rochtain ar cheartas a áirithiú do mhná, ina n-éagsúlacht ar fad, atá ag dul i ngleic le leithcheal trasnach, lena n-áirítear rochtain ar chúnamh dlí ar ardchaighdeán agus i dteanga a thuigeann siad;
44. á iarraidh go mbeidh cuir chuige iomlánaíochta, cearta-bhunaithe, ildisciplíneacha agus duinelárnacha ann maidir le seirbhísí cosanta agus tacaíochta (lena n-áirítear foréigean

inscnebhunaithe agus gáinneáil) lena dtugtar aghaidh ar na tosca institiúideacha lena gcuirtear mná i staideanna spleáchais agus mí-úsáide, agus go gcuirfear fiordheiseanna ar fáil le haghaidh ceadanna cónaithe agus oibre cuibhiúla agus cobhsaí, agus rochtain neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí, ar thacaíocht agus ar leigheas;

45. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar easpa rachmais ó ghlúin go glúin, gur minic a bhíonn mná de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise ag streachailt chun gnólachtaí beaga a mhaoiniú agus á chur i bhfios go láidir gur féidir le cur chun cinn na fiontraíochta i measc na ngrúpaí sin deiseanna iontacha a chur ar fáil chun a neamhspleáchas agus a gcumhachtú eacnamaíoch a chothú;
46. ag iarraidh ar na Ballstáit bearta sonracha maidir le cothromaíocht oibre is saoil a fhorbairt chun go mbeidh na mná is imeallaithe in ann an obair, an t-oideachas agus an dul chun cinn gairmiúil a thabhairt chun réitigh lena n-oibleagáidí teaghlaigh agus chun cur i gcoinne an idirdhealaithe agus na claontachta, a leanann de thionchar a bheith acu orthu ar mhargadh an tsaothair, san oideachas agus sa saol laethúil;
47. á thabhairt dá haire gur féidir le héifeacht iolraithe an leithcheala thrasnaigh dochar a dhéanamh don rochtain ar chúram sláinte; ag iarraidh ar na Ballstáit cumhdach cúraim sláinte uilíoch agus inrochtana a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí speisialaithe meabhairshláinte, agus deireadh a chur go práinneach leis na bacainní atá ar chúram sláinte do chách, lena n-áirítear d'imircigh i staid riaracháin neamhrialta agus béim ar leith á leagan ar mhná ina n-éagsúlacht ar fad; á thabhairt chun suntais nár cheart bac a chur riamh ar rochtain ar chúram sláinte mar gheall ar aineolas, claontacht nó stiogma; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gairmithe cúraim sláinte maidir le cúram a chur ar fáil ar bhealach daonnúil, neamh-idirdhealaitheach agus neamhbhreithiúnach, agus urraim á tabhairt do thoiliú saor agus feasach roimh ré agus do chearta othar; ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa shuntasach sonraí ann maidir le mná ó ghrúpaí imeallaithe agus mná imirceacha a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí sláinte, go háirithe seirbhísí meabhairshláinte;
48. ag iarraidh ar na Ballstáit aird a thabhairt ar éifeacht níos measa an leithcheala thrasnaigh ar rochtain ar dhiagnóis cúraim sláinte, go háirithe maidir le sláinte atáirgthe agus go sonrach do mhná Dubha, do mhná de chine daite agus do mhná mionlaigh; á mheabhrú gur cearta bunúsacha an duine iad sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe ar cheart rochtain shábháilte agus dhlíthiúil a bheith ag gach duine orthu, ina n-éagsúlacht;
49. ag iarraidh ar na Ballstáit straitéisí, beartais agus cláir a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun sláinte ghnéis agus atáirgthe agus cearta grúpaí imeallaithe ban a chur chun cinn agus chun deireadh a chur leis na bacainní sistéamacha, airgeadais, dlíthiúla, praiticiúla agus sóisialta atá rompu agus chun a áirithiú go bhfuil sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe á chosaint agus á n-urramú sna Ballstáit uile; á iarraidh ar na Ballstáit pleanáil teaghlaigh agus oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chur chun cinn agus cabhrú le mná i staideanna leochaileacha nó forbhasacha rochtain a fháil ar fhrithghiniúint saor in aisce ina fhoirmeacha éagsúla ar fad, agus a áirithiú nach mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar aon chleachtas idirdhealaitheacha maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte;
50. ag spreagadh na mBallstát chun nósanna imeachta dlíthiúla inrochtana agus

trédhearcacha maidir le haitheantas inscne a áirithiú bunaithe ar fhéinchinntiúchán agus i gcomhréir le ICD-11 na hEagraíochta Domhanda Sláinte, daoine trasinscneacha, neamhdhénártha agus idirghnéasacha a aithint sa dlí agus deireadh a chur le bacainní amhail idirghabhálacha máinliachta éigeantacha nó comhairleoireacht éigeantach shíceolaíoch; ag tathant ar na Ballstáit cosc a chur ar chiorrú ball giniúna idirghnéasach agus a áirithiú nach gcuirfear naíonáin idirghnéasacha faoi réir cóireáil leighis nó máinliachta neamhthábhachta le linn naíonachta nó na hóige;

51. ag iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur le cleachtas steiriliú éigeantais, ginmhille éigeantais agus frithghiniúint éigeantais, lena n-áirítear do mhná faoi mhíchumas agus mná Romacha agus ligheasú do dhaoine trasinscneacha, agus a n-ionracas fisiceach agus coirp a urramú; ag iarraidh ar na Ballstáit leigheasanna éifeachtacha agus tráthúla a áirithiú do gach duine a tháinig slán ó steiriliú éigeantais agus comhéigneach agus ó cholscaradh éigeantais, lena n-áirítear trí scéimeanna éifeachtacha cúitimh a bhunú;
52. á mheabhrú go ndéanann an t-athrú aeráide agus a hiarmhairtí difear díréireach do mhná ina n-éagsúlacht ar fad, go háirithe iad siúd a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar chineálacha trasnacha idirdhealaithe, i staideanna imeallaithe agus i suíomhanna coinbhleachta; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar i ngach gníomhaíocht ar son na haeráide gné thrasnach, lena n-áirítear inscne agus cine, agus go ndéanfar cistí agus bearta spriocdhírithé a chur chun feidhme chuige sin agus rannpháirtíocht chothrom na mban ina n-éagsúlacht ar fad a ráthú i gcomhlachtaí cinnteoireachta ar an leibhéal idirnáisiúnta, Eorpach, náisiúnta agus áitiúil;
53. ag tathant ar na Ballstáit gníomhaíocht thapa, éifeachtach agus chomhordaithe a dhéanamh chun cearta an duine a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte gnéis agus atáirgthe na mban agus na gcailíní agus na bpobal imeallaithe a ndearna an choinbhleacht san Úcráin difear dóibh;

o

o o

54. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

7.2.2022

LITIR ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

Evelyn Regner
Cathaoirleach
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar An leithcheal trasnach san Aontas Eorpach: staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise(2021/2243(INI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag a chruinniú an 1 Nollaig 2021, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Chultúr agus um Oideachas breithniú ar an ábhar ag a chruinniú an 7 Feabhra 2022. Ag an gcrúinniú sin¹, chinn sé a iarradh ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Sabine Verheyen

¹ Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Sabine Verheyen (Cathaoirleach agus rapóirtéir don tuairim), Dace Melbärde (Leas-Chathaoirleach), Victor Negrescu (Leas-Chathaoirleach), Michaela Šojdrová (Leas-Chathaoirleach), Asim Ademov, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farrang, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis (Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach) agus Christian Ehler, Loucas Fourlas, Elżbieta Kruk, Viola Von Cramon-Taubadel (Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach).

MOLTAÍ

- A. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis na Ballstáit le tionscadail spriocdhírithe Erasmus+, trí acadaimh mhúinteoireachta Eorpacha agus trí dhea-chleachtais a mhalartú chun cumhacht a thabhairt do chailíní agus mná, a bhfuil bacainní breise os a gcomhair mar gheall ar a gcúlra eitneach trí aghaidh a thabhairt ar ionchais ísle laistigh d'institiúidí oideachais agus dá dteaghlaigh, trí iad a mhealladh chuig ábhair STEAM, trí infheictheacht chothrom a thabhairt dóibh i dtéacsleabhair agus in ábhair theagascacha eile, trí thacú lena n-aistriú chuig an margadh saothair le treoir, meantóireacht agus eiseamláirí agus trí aitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí a fuarthas in áiteanna eile, agus an méid sin uile a dhéanamh d'fhonn Limistéar Eorpach Oideachais cuimsitheach a fhorbairt; á chur i bhfios go mbíonn tionchar casta ag oideachas leanaí ar mhianta gairmiúla agus pearsanta na mban agus á mheabhrú gur gá do gach leanbh rochtain éifeachtach a fháil ar oideachas saor in aisce mar a fhoráiltear le dlí AE;
- B. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí óige freastal ar mhná óga ón diaspóra, a bhfuil ról ag go leor acu i bhfolláine ár sochaithe trína gcuid oibre, go háirithe in earnáil an chúraim; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar a neamhchosanta atá siad d'fhoréigean inscnebhunaithe nó do chineálacha eile drochíde; á chreidiúint gur féidir leo rannchuidiú go mór le Bliain Eorpach na hÓige 2022, agus tairbhe a bhaint aisti, trína mianta a chur in iúl agus trí pháirt a ghlacadh gan idirdhealú i gcláir agus i dtionscnaimh atá dírithe ar an óige, go háirithe cláir lena gcuirtear feabhas ar ionchais fostaíochta, ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, ós rud é gur minic a bhíonn na mná óga sin rócháilithe nó tearcfhostaithe ina bpoist;
- C. á thabhairt chun suntais go dtéann an éagsúlacht chun tairbhe don chruthaitheacht agus do shaol cultúrtha saibhir agus bríomhar agus, dá bhrí sin, ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar gheallsealbhóirí sna Ballstáit cláir amhail Eoraip na Cruthaitheachta agus cláir chistiúcháin eile a úsáid chun tacú le comhionannas inscne agus cothromaíocht inscne san earnáil sin; ag iarraidh ar an gCoimisiún cothabháil a dhéanamh ar fheachtais amhail CharactHer le nuashonrú rialta, eiseamláirí nua agus láithreacht leanúnach sna cainéil meán sóisialta a mheallann mná óga;
- D. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá éagsúlacht peirspictíochtaí sna meáin agus i dtionscail chlosamhairc agus a ról mar dhaoine a bhfuil tuairimí acu; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gach beart is gá a achtú chun infheictheacht rannchuidiú na mban ón diaspóra, agus a láithreacht ar gach leibhéal, a chur chun cinn, go háirithe i róil chinnteoireachta agus chun cur i gcoinne an idirdhealaithe agus an chiaptha; ag áitiú an luach a bhaineann leis an bhfeasacht a ardú trí bhealaí éagsúla lena n-áirítear oiliúint a chur ar iriseoirí agus ar ghairmithe eile sna meáin in aghaidh an idirdhealaithe agus na claontuairime neamhchomhfhiosaí;
- E. ag tabhairt chun suntais ról spóirt an phobail i gcuimsiú sóisialta agus i stíleanna maireachtála sláintiúla agus, dá bhrí sin, an tionchar diúltach a bhíonn ag rátaí rannpháirtíochta níos ísle i measc cailíní agus ban ón diaspóra, ag tathant, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, ar chomhlachtaí rialaithe spóirt idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta agus ar gheallsealbhóirí bearta a chur chun feidhme chun cur i gcoinne cultúir eagraíochtúla a chuireann bac ar mhná ón diaspóra dul isteach i gclubanna agus

páirt a ghlacadh i spórt an phobail agus i spórt gairmiúil agus poist cheannaireachta a bhaint amach sa spórt amhail infheictheacht íseal i gcumhdach na meán, agus éagothromaíochtaí i bpá, pá préimhe agus dámhachtainí; á áitiú go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le gach cineál foréigin, ciaptha agus steiréitíopaí.

31.5.2022

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE

chuig an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

ar an leithcheal trasnach san Aontas Eorpach: staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise (2021/2243(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sira Rego

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí go mbíonn ar go leor ban, ina n-éagsúlacht ar fad, lena n-áirítear mná ciníochaithe, mná faoi mhíchumas agus mná imirceacha, aghaidh a thabhairt ar neamhionannais trasnacha agus leithcheal trasnach in AE; de bhrí go dtagraíonn leithcheal trasnach do chás ina bhfuil roinnt foras idirdhealaithe, amhail inscne, cine, dath, stádas eitneach nó socheacnamaíoch, aois, gnéaschlaonadh, féiniúlacht agus léiriú inscne, tréithe gnéis, airíonna géiniteacha, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, reiligiún nó creideamh, náisiúntacht, stádas cónaithe nó míchumas, ag feidhmiú agus ag idirghníomhú lena chéile ar bhealach diúltach doscartha agus ag cruthú cineálacha sainiúla agus sonracha idirdhealaithe agus míbhuntáistí mar gheall ar thionchar céannachtaí éagsúla; de bhrí go dtugtar aghaidh go páirteach ar idirdhealú per se laistigh de chreataí beartais agus dlíthiúla AE, ach go bhfuil leithcheal trasnach fós ar a n-imeall araon;
- B. de bhrí go bhfuil idirdhealú trasnach éagsúil le hidirdhealú iomadúil, a tharlaíonn nuair is féidir gach cineál idirdhealaithe a chruthú agus a láimhseáil go neamhspleách; de bhrí, i gcás idirdhealú trasnach, go bhfuil na forais idirdhealaithe fite fuaite le chéile, rud a chruthaíonn cineál uathúil idirdhealaithe; de bhrí go gceadaítear dearcadh leis an trasnachas lena dtugtar forais thrasnacha san áireamh gan tosaíocht a thabhairt do cheann amháin thar an gceann eile; de bhrí go bhfreastalaíonn cur chuige trasnach ar iltoiseacht eispéiris agus fhéiniúlachtaí daoine agus go ngabhann cur chuige ó bhun aníos leis; de bhrí gur gá smaoineamh ar bhealach difriúil faoi mhíchothromaíochtaí céannachta, comhionannais agus cumhachta agus úsáid á baint as cur chuige trasnachais san anailís agus i mbeartais;

- C. de bhrí go gcuireann spleáchas dhlí an fhrith-idirdhealaithe ar fhoras aonair agus liosta uileghabhálach na bhforas i reachtaíocht frith-idirdhealaithe AE teorainn leis an bhféidearthacht dearcadh trasnach a ionchorprú go hiomlán agus go bhfágann sé sin nach ndeachthas i ngleic leis an bhfadhb; de bhrí go raibh easpa comhthuisceana ann, a raibh cineálacha éagsúla cur chuige maidir leis an tsaincheist ar leibhéal na mBallstát mar thoradh air; de bhrí gur cruthaíodh bearnaí mar gheall ar an éagsúlacht sa reachtaíocht frith-idirdhealaithe agus sraith bhreise de threoracha maidir le comhionannas inscne agus go bhfuil bacainní struchtúracha ann dá bharr sin maidir le dul i ngleic leis an trasnachas;
- D. de bhrí go bhfuil líon mór ban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise ann san Eoraip atá ag obair i bpoist neamhbhuana agus ar phá íseal ar mó an baol dúshaothraithe agus mí-úsáide a bhaineann leo nó atá dífhostaithe go díreireach; de bhrí go bhfuil oibríthe imirceacha intíre i staid thar a bheith forbhasach a fhágann gur infheicthe a bhíonn an trasnachas a bhaineann le cine, inscne, stádas socheacnamaíoch, stádas imirceach agus náisiúntacht; de bhrí, le spleáchas ceada cónaitheora ar chéile nó ar fhostóir, go méadaítear leochaileacht an duine, rud a fhágann go mbíonn mná imirceacha neamhchosanta ar rioscaí eile, amhail foréigean insnechlaonta agus idirdhealú institiúideach;
- E. de bhrí go mbíonn idirdhealú trasnach ann do mhná Romacha¹ do mhná Moslamacha², do mhná trasinscneacha, go háirithe mná trasinscneacha ciníochaithe³, agus do mhná faoi mhíchumas⁴, rud a fhágann mbíonn siad níos leochailí i leith an eisiaimh shóisialta, na bochtaineachta agus an fhoréigin;
- F. de bhrí go bhfuil gné chothrománach trasnach bunriachtanach in aon bheartas comhionannais inscne agus go bhfuil dlúthbhaint aige sin le haghaidh a thabhairt ar bagairtí sireirgisteacha an idirdhealaithe; de bhrí gur féidir le trasnachas foras éagsúil a bheith ina ghné a chuireann le roinnt cásanna d'fhoréigean insnebhunaithe;
- G. de bhrí gur cheart do chórais cheartais choiriúil agus d'fhorfheidhmiú an dlí cur chuige trasnach a chur san áireamh mar choincheap dlíthiúil ina gcleachtais agus ina gcinntí chun nach ndéanfaí idirdhealú, bochtaineacht agus eisiaimh a ghéarú, rud a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige, go háirithe ar mhná, ó ghrúpaí leochaileacha ina n-

¹ Úsáidtear an focal 'Romach' mar scáth-théarma lena n-áirítear grúpaí éagsúla gaolmhara ar fud na hEorpa, is cuma aistreach nó neamhaistreach iad, mar shampla Romaigh, Taistealaithe, Sintígh, Manúisigh, Kalés, Romanichels, Boyash, Aisceailígh, Éigiptigh, Yéniches, Doms agus Loms, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thaobh cultúir agus stíl mhaireachtála. Féach fonóta 8 den rún ón bParlaimint an 12 Feabhra 2019 ar an ngá atá ann le Creat Straitéiseach AE neartaithe tar éis na bliana 2020 do Straitéisí Náisiúnta maidir le Comhtháthú na Romach agus dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh an fhrithghiofógachais, IO C 449, 23.12.2020, lch. 2.

² European Network Against Racism, 'Forgotten Women: the impact of Islamophobia on Muslim women' [Líonra Eorpach i gCoinne an Chiníochais, 'Mná ligthe i nDearmad: tionchar an Ioslamaíochais ar mhná Moslamach'], 11 Feabhra 2016, <https://www.enar-eu.org/forgotten-women-the-impact-of-islamophobia-on-muslim-women/>.

³ Calderon-Cifuentes, P. A., *Trans Discrimination in Europe. A TGEU analysis of the FRA LGBTI Survey 2019 [Idirdhealú trasinscneach san Eoraip: Anailís TGEU ar Shuirbhé FRA LGBTI 2019]*, TGEU, 2021.

⁴ UN Women, 'Take five: An intersectional approach to empowering women and girls with disabilities [Mná na Náisiún Aontaithe, 'Tóg sos: Cur chuige trasnach maidir le mná agus cailíní faoi mhíchumas a chumhachtú']', 2 Nollaig 2020, <https://www.unwomen.org/en/news/stories/2020/12/take-five-empowering-women-and-girls-with-disabilities>.

éagsúlacht ar fad;

- H. de bhrí gur féidir le cineálacha trasnacha idirdhealaithe tionchar tromchúiseach a bheith acu ar shaol marthanóirí foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, ar cineál foircneach foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní é, mar shampla trí shrian nó bac a chur ar a rochtain ar na seirbhísí coisc, tacaíochta agus cosanta atá de dhíth orthu mar thoradh ar mheascán de chineálacha idirdhealaithe, de chiníochas foluiteach dúchasach agus de bhacainní cultúrtha agus teangeolaíocha;
- I. de bhrí go bhfuil bacainní roimh mhná ciníochaithe maidir le poist ardháilíochta a rochtain agus, dá thoradh sin, go mbíonn siad ag gabháil do ghairmeacha den chuid is mó inar mó an riosca go dtiocfadh galair cheirde orthu;
- J. de bhrí go mbíonn fadhbanna ag mná a bhíonn thíos le hidirdhealú trasnach maidir le rochtain a fháil ar an margadh le haghaidh tithíocht chuibhiúil;
- K. de bhrí gur mó an seans go ndéanfadh soláthróirí sláinte beag is fiú de shiomptóim ar mhná ciníochaithe; de bhrí nach dtugtar aghaidh san oideachas leighis i roinnt mhaith tíortha Eorpacha ar ghalair ná ar shiomptóim a dhéanann difear do mhná de bhunadh na hAfraice, an Mheánoirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise⁵;
- L. de bhrí gur féidir claontachtaí sóisialta agus neamhionannais struchtúracha a chomhtháthú i dteicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), agus gur ábhar imní é sin;
- M. de bhrí, i roinnt Ballstát, go bhfuil deighilt eitneach ann i gcónaí do mhná Romacha i suíomhanna cúraim sláinte atáirgthe agus go mbíonn orthu dul i ngleic le foréigean agus ciapadh béil, fisiciúil, síceolaíoch agus síceolaíoch de chineál níos measa le linn breith clainne; de bhrí gur fhulaing mná Romacha cleachtas chórasacha steiriliú éigeantais agus comhéigheach in AE;
- N. de bhrí go bhfuil baol níos airde ann do mhná a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar leithcheal trasnach go dtógfar a gcuid leanaí faoi choimeád stáit agus go ndiúltofar tacaíocht airgeadais leordhóthanach dóibh chun a gcuid leanaí a thógáil;
- O. de bhrí nach mór a thuiscint gurb é atá sa leispiáfóibe idirdhealú ag an áit a dtrasnaíonn an homafóibe agus fuath ban a chéile agus gurb é atá ann cineál idirdhealaithe a bhfuil a fhréamhacha, a phatrúin, a mhodhanna agus a iarmhairtí féin aige de bharr na taithí trasnaí seo; de bhrí gur thuiriscigh duine as gach seisear (16 %) de mhná leispiacha nó déghnéasacha cásanna idirdhealaithe agus rochtain á fáil acu ar chúram sláinte nó ar sheirbhísí sóisialta⁶;
- P. de bhrí go mbíonn bacainní fisiciúla agus bacainní eile roimh mhná faoi mhíchumas ina saol laethúil, a dhéanann idirdhealú i gcoinne daoine eile agus, dá bhrí sin, nach

⁵ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Inequalities and multiple discrimination in access to and quality of healthcare* [Míchothromaíochtaí agus idirdhealú iomadúil maidir le rochtain ar chúram sláinte agus cáilíocht cúraim sláinte], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2013.

⁶ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *A long way to go for LGBTI equality* [Achar fada le dul le haghaidh chomhionannas LADTI], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020.

mbaineann siad lántairbhe as a gcearta;

1. ag tathant ar institiúidí AE aghaidh a thabhairt ar chineálacha trasnacha idirdhealaithe i reachtaíocht agus beartais AE maidir leis an bhfrith-idirdhealú agus an combhionannas inscne agus cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm i mbeartais agus i reachtaíocht ábhartha uile AE; ag spreagadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun cur chuige trasnach a chur san áireamh ina réasúnaíocht, chun iad siúd atá i mbaol ar leith a chosaint níos fearr; ag cur béim ar an bhfioras go gcabhraíonn dearcadh trasnach le teacht ar chásanna daoine nach gcumhdaítear a dtaithí go hiomlán le gnáthchreataí frith-idirdhealaithe, amhail mná ag crosbhealaí cine, reiligiúin, gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne, aicme sóisialta, míchumais, stádais imircigh nó aoise;
2. á athdhearbhú go bhfuil creat frith-idirdhealaithe an Aontais dírithe den chuid is mó ar ghné aonair an idirdhealaithe, lena dtugtar neamhaird ar an gcomhthéacs níos leithne, go háirithe na gnéithe institiúideacha, struchtúracha agus stairiúla den idirdhealú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit níos mó airde a dhíriú ar na gnéithe sin den idirdhealú i gceapadh beartas, tacú le taighde chun é a thuiscint, dá chasta é, agus bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis;
3. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an taithe shonrach atá ag íospartaigh is mná, ina n-éagsúlacht ar fad, ar idirdhealú trasnach a chur san áireamh i gceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht beartas tearmainn, imirce agus lánpháirtithe;
4. ag cur béim ar an ngá atá ann rannpháirtíocht fhóinteach a áirithiú do na grúpaí go léir a ndéanann an leithcheal trasnach ar gach leibhéal beartais difear dóibh, go háirithe grúpaí ciníochaithe; ag iarraidh ar Chomhordaitheoir Frithchiníochais an Aontais agus ar Chomhordaitheoirí eile atá gníomhach sa réimse sin, ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a bheith ag obair i ndlúthchomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta lena mbaineann agus leis an saol acadúil agus ról a thabhairt dóibh i gceapadh agus i gcur chun feidhme peirspictíocht trasnachais sa cheapadh beartais ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil; á iarraidh go gcuirfí dea-chleachtas agus oiliúint shonrach sa réimse sin chun feidhme aon uair is féidir agus go scaipfí sna hinstitiúidí poiblí agus príobháideacha uile iad chun dul i dteagmháil le pobal níos leithne;
5. á chur in iúl gur geal léi na straitéisí ábhartha éagsúla a tháinig ón gCoimisiún le déanaí, go háirithe straitéis AE um chomhionannas LADTIA 2020-2025⁷ agus straitéis AE um chomhionannas inscne 2020-2025⁸, a n-áirítear cur chuige trasnach iontu araon; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit peirspictíocht trasnachais a phríomhshruthú agus a áirithiú nach mbeidh aon éifeachtaí díobhálacha indíreacha ná neamhbheartaithe ag na beartais ná ag an reachtaíocht atá ann cheana, amhail athimeallú grúpaí áirithe, go háirithe mná ciníochaithe; á chur in iúl gur oth léi go mór, i ndáil leis an méid sin, nach bhfuil gné thrasnach i gComhshocrú Nua AE maidir le

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025’ (COM(2020)0698).

⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152).

hImirce agus Tearmann⁹;

6. ag iarraidh ar na Ballstáit cur chuige cuimsitheach trasnach a chur i bhfeidhm maidir le gach céim den chóras ceartais choiriúil agus rochtain ar cheartas a áirithiú do mhná, ina n-éagsúlacht ar fad, atá ag dul i ngleic le leithcheal trasnach, lena n-áirítear rochtain ar chúnamh dlí ar ardchaighdeán agus i dteanga a thuigeann siad;
7. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartais ann atá íogair ó thaobh míchumais de agus a bhfuil cur chuige trasnach ag baint leo;
8. á chur i bhfáth go bhfuil mná imirceacha níos leochailí i leith mí-úsáid fhisiciúil; á mheabhrú go bhfuil mná imirceacha gan doiciméid nó mná a bhfuil stádas acu atá ag brath ar a gcéile i riocht níos leochailí fós mar gheall ar a stádas dlíthiúil agus gur lú seans go rachaidh siad chuig na póilíní, chuig ospidéal nó chuig ionaid dídine chun cabhair a fháil; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta cabhrú le mná gan doiciméid a gcearta a fheidhmiú ar bhealach níos fearr;
9. á chur i bhfios go láidir go gcuirtear leis na dálaí leochaileacha a bhfuil oibríthe ar mná imirceacha iad neamhchosanta orthu, lena n-áirítear oibríthe tí imirceacha, mar gheall ar na crosbhealaí iomadúla idirdhealaithe atá rompu; á mheabhrú, maidir le mainneachtain cearta oibríthe imirceacha ar mná iad a chosaint, go mbíonn impleachtaí móra aige sin orthu, lena n-áirítear a gcumas rochtain a fháil ar dheiseanna, ar acmhainní agus ar phoist faoi chúinsí atá comhionann le daoine eile; ag tathant ar na Ballstáit nach bhfuil sin déanta acu fós, Coinbhinsiún 189 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a dhaingniú;
10. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go bhforfheidhmeofar reachtaíocht AE atá ann cheana maidir le frith-idirdhealú agus comhionannas inscne, agus imeachtaí um shárú a thionscnamh mura ndéanfaidh na Ballstáit an reachtaíocht sin a thrasú nó a chur chun feidhme ina hiomláine;
11. á mheabhrú gur féidir le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear IS, an neamhionannas agus an t-idirdhealú atá ann cheana a ghéarú agus a dhéanamh níos measa; ag meabhrú freisin na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na teicneolaíochtaí sin do mhná ina n-éagsúlacht ar fad a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar leithcheal trasnach, go háirithe mná ciníochaithe; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh córais IS á dtreorú ag príonsabail na trédhearcachta, na hinmhíneachta, na cothroime agus na cuntasachta agus go gcuirfear bearta i bhfeidhm, lena n-áirítear iniúchtaí, chun cosc a chur ar na córais sin an t-idirdhealú, an ciníochas, an t-eisiamh agus an bhochtaineacht a dhéanamh níos measa;
12. ag iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar na fórsaí trasnacha dhá threo a oibríonn maidir le ciorrú ball giniúna ban, chun deireadh a chur lena chleachtadh agus freisin chun dul i ngleic le hidirdhealú ciníoch;
13. ag meabhrú di an iarraidh sheanbhunaithe ón bParlaimint go ndéanfaí an Treoir Choithrománach maidir le Frith-Idirdhealú, ar cuireadh bac uirthi sa Chomhairle ó 2008

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le Comhaontú Nua i ndáil le hImirce agus Tearmann (COM(2020)0609).

i leith, a ghlacadh chun raon feidhme agus cumhacht na n-ionstraimí frith-idirdhealaithe atá ann cheana a chomhchuiibhiú; á iarraidh ar uachtaránachtaí na Comhairle atá ar na bacáin príomhthosaíocht a dhéanamh den chóir chomhionann agus den chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe de gach cineál chun deireadh a chur leis an dúsháinn sa Chomhairle; ag iarraidh ar AE a áirithiú go ndéanfaidh a chreat reachtach comhionannais an leithcheal trasnach a chomhrac, lena n-áirítear an t-idirdhealú struchtúrach agus institiúideach, chun imeacht ó chur chuige aonair aon aise agus chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú sistéamach gan na caighdeáin reatha a ísliú; ag iarraidh ar an gComhairle foirmíocht de chuid na Comhairle a bhunú maidir le Comhionannas Inscne agus Comhionannas chun na hábhair thuasluaite a phlé go cuí i mbuanfóram;

14. á chur i bhfáth gur féidir le steiréitíopaí agus laofachtaí sóisialta a bheith ina bhforas torthúil don idirdhealú agus don fhoréigean inscnebhunaithe; ag meabhrú a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, an togra ón gCoimisiún chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear forálacha maidir leis an trasnachas; ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí AE claontuairim neamh-chomhfhiosach agus oiliúint íogaireachta a chur chun feidhme do cheannairí agus d'fhostaithe laistigh dá n-institiúidí, lena n-áirítear in institiúidí breithiúnacha agus in ionaid próiseála tearmainn agus ghlacktha, agus do na póilíní, do ghairmithe oideachais agus cúraim sláinte, agus do státseirbhísigh eile, agus chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na gclaontuairimí neamh-chomhfhiosacha ar chinntí, gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí arna nginiúint mar gheall ar steiréitíopaí marthanacha, agus tearc-ionadú grúpaí áirithe sna réimsí sin; ag iarraidh ar an gCoimisiún freisin treoirilínte a ullmhú maidir le conas cásanna leithcheala thrasnaigh in institiúidí AE a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu;
15. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís chríochnúil a dhéanamh ar bheartais imirce agus tearmainn an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an leithcheal trasnach a dhéantar ar mhná; á mheabhrú gur gá cosaint a thabhairt do gach bean atá ag teitheadh ó chásanna de mhí-úsáid, gan beann ar a stádas, agus á iarraidh go gcuirfí deireadh le spleáchas ceada cónaitheora ar chéile nó ar fhostóir chun mná a chosaint ó mhí-úsáid; ag iarraidh ar na Ballstáit cosaint a dheonú do gach bean leispiach, déghnéasach, trasghnéasach agus idirghnéasach atá ag lorg sábháilteachta san Aontas Eorpach, mar a fhoráiltear dó in *acquis* AE;
16. ag spreagadh na mBallstát nósanna imeachta atá inrochtana agus trédhearcach maidir le haitheantas inscne dlíthiúil a áirithiú do gach duine, bunaithe ar fhéinchinntiúchán agus i gcomhréir leis an 11ú Athbhreithniú ar Aicmiú Idirnáisiúnta Galar de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), agus ar an gcaoi sin rannchuidiú lena ndíphaiteolú mar a bhunaigh EDS; ag tathant ar na Ballstáit ciorrú ball giniúna idirghnéasach a thoirmeasc;
17. á chur i bhfios go láidir go bhfuil bailiú sonraí comhionannais imdhealaithe atá inchomparáide agus láidir fíor-riachtanach maidir le doiciméadú an idirdhealaithe agus maidir le dul i ngleic go iomlánaíoch leis an neamhionannas; ag iarraidh ar an gCoimisiún caighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt chun modhanna maidir le cineálacha aonair idirdhealaithe a thairfeadh, lena n-áirítear an cumas níos mó ná foras amháin idirdhealaithe a liostú i gcomhthráth, d'fhonn a chumasú go ngabhfaí trasnachas sa staidreamh, go háirithe ciníochas inscne-shonrach; á mheas gur cheart na sonraí sin a

fhoilsiú i bhformáid lenar féidir idirdhealú iolrach agus leithcheal trasnach a shainaithint agus a anailísiú; á chur i bhfáth gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar neamhionannais iolracha agus thrasnacha trí anailís a dhéanamh ar shonraí ar leibhéal foghrúpa;

18. ag iarraidh ar na Ballstáit sonraí comhionannais a bhailiú, arna ndí-chomhiomlánú de réir inscne, bunadh ciníoch agus eitneach, treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht ghnéis, bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach, féinaithint agus toiliú eolasach, agus anaithnideacht agus rúndacht á gcosaint agus croíphrionsabail reachtaíocht AE maidir le cosaint sonraí á n-urramú, i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla náisiúnta ábhartha agus leis na cearta bunúsacha; ag cur béim ar an bhfioras gur cheart bailiú sonraí den sórt sin a úsáid chun críche fréamhacha an idirdhealaithe a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, d'fhonn bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais ábhartha; ag iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt i ndáil leis sin chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a bhailítear cruinn, iontaofa agus inchomparáide ar fud na mBallstát; ag tacú leis an obair a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chun anailís a dhéanamh ar na sonraí sin agus á chur in iúl gur geal léi forbairtí breise sa réimse seo, i gcomhréir le sainordú nua na gníomhaireachta;
19. á thabhairt le fios go bhfuil cur chuige trasnach léirithe go pointe áirithe ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le blianta beaga anuas, bunaithe ar léirmhíniú fairsing ar roinnt de na forais atá ann faoi láthair faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe AE, agus leas á bhaint as múnla an Choinbhinsiúin maidir le hIdirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus as an gCoinbhinsiún maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) ina ndéantar mná agus daoine faoi mhíchumas faoi seach a mheas mar dhaoine ag crosbhealaí míbhuntáiste; ag tacú go hiomlán leis an gcur chuige sin a fhorbairt agus a éascú tuilleadh, i gcás inar féidir, i bhfianaise na solúbthachtaí faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
20. ag tabhairt dá haire gur féidir le héifeachtaí comhdhlúithe an leithcheala thrasnaigh dochar a dhéanamh don rochtain ar chúram sláinte; ag iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur go práinneach leis na bacainní atá ann cheana lena gcuirtear cosc ar rochtain iomlán ar chúram sláinte do chách;
21. ag tathant ar na Ballstáit oiliúint maidir le claontuairim neamh-chomhfhiosach agus frith-idirdhealú arna dearadh go cúramach a chur i bhfeidhm in institiúidí poiblí agus tacú lena cur chun feidhme in eintitis phríobháideacha d'fhonn tionchar na gclaontuairimí sin ar an gcinnteoireacht a mhaolú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, le rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus grúpaí dá ndéantar difear, feachtais ardaithe feasachta phoiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cur i gcoinne na steiréitíopaí agus na gclaontuairimí atá forleathan i measc an phobail i gcoitinne, go háirithe iad siúd atá ag crosbhealach an chine agus na hinscne.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | | | | | | | |
|---|--|----|----|----|----|----|---|
| Dáta an ghlactha | 31.5.2022 | | | | | | |
| Toradh na vótála críochnaithí | <table style="width: 100%; border: none;"> <tr> <td style="width: 100px;">+:</td> <td style="text-align: right;">48</td> </tr> <tr> <td>–:</td> <td style="text-align: right;">10</td> </tr> <tr> <td>0:</td> <td style="text-align: right;">4</td> </tr> </table> | +: | 48 | –: | 10 | 0: | 4 |
| +: | 48 | | | | | | |
| –: | 10 | | | | | | |
| 0: | 4 | | | | | | |
| Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | <p>Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Clare Daly, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Laura Ferrara, Jean-Paul Garraud, Maria Grapini, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Peter Kofod, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Hélène Laporte, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Emil Radev, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skytvedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Tomas Tobé, Yana Toom, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos</p> | | | | | | |
| Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Gwendoline Delbos-Corfield, Sira Rego, Thijs Reuten, Rob Rooker, Domènec Ruiz Devesa, Miguel Urbán Crespo | | | | | | |

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Emil Radev, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Javier Zarzalejos |
| S&D | Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Evin Incir, Marina Kaljurand, Lukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Thijs Reuten, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Anna Júlia Donáth, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Patrick Breyer, Saskia Briemont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |
| An Chlé | Konstantinos Arvanitis, Clare Daly, Sira Rego, Miguel Urbán Crespo |
| NI | Laura Ferrara |

| 10 | - |
|-----|---|
| PPE | Nadine Morano |
| ID | Jean-Paul Garraud, Marcel de Graaff, Peter Kofod, Hélène Laporte, Tom Vandendriessche |
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Rob Rooker, Vincenzo Sofo |

| 4 | 0 |
|-----|----------------------------------|
| PPE | Sara Skytvedal, Tomas Tobé |
| ECR | Assita Kanko, Jadwiga Wiśniewska |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|--|
| Dáta an ghlactha | 16.6.2022 |
| Toradh na vótála críochnaithí | +: 21 -: 4 0: 0 |
| Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Isabella Adinolfi, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Lina Gálvez Muñoz, Alice Kuhnke, Karen Melchior, Andželika Anna Możdżanowska, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek |
| Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Michiel Hoogeveen, Ewa Kopacz, Aušra Maldeikienė, Predrag Fred Matić, Silvia Modig, Monika Vana |
| Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Marek Paweł Balt, Milan Brglez, Maria Walsh |

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 21 | + |
|--------------------|---|
| PPE | Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Ewa Kopacz, Aušra Maldeikienė, Christine Schneider, Maria Walsh |
| RENEW | Karen Melchior, María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D | Marek Paweł Balt, Milan Brglez, Lina Gálvez Muñoz, Predrag Fred Matić, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| AN CHLÉ | Silvia Modig, Sandra Pereira |
| NA GLASAIGH/SCE | Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Monika Vana |

| 4 | - |
|-----|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Anđelika Anna Mozdżanowska, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Annika Bruna |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh